C/2026/5410

15.10.2026

Fógra le haghaidh eintiteas a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2026/5410)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar an eintiteas Social Design Agency a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle an t-eintiteas thuasluaite a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle ([3]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise ar bhonn fianaise nua agus ráiteas nua ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl don eintiteas sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann lena liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise a fháil **roimh an 22 Deireadh Fómhair 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Horizontal and Global Affairs
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj.
([2]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj.
([3]) IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj.
([4]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.